

GNÍOMHAÍOCHTAÍ

1. Cur i láthair Powerpoint ar an gClár Bán Idirghníomhach
2. Caint agus plé faoi na dealbha
3. Rian thart timpeall an bhaile ag breathnú orthu
4. Billeoga oibre i mbeirteanna fad is atá siad ar an siúlóid.

Réamhrá:**Caint agus plé!**

Cad is dealbhóireacht ann?

Cad atá ar eolas agat faoi cheana féin?

Sainmhíniú na dealbhóireachta:

Ealaíon 2-T nó 3-T a dhéanamh trí snoíodóireacht a dhéanamh ar adhmaid nó cloch nó trí múnú/teilgean a dhéanamh ar mhiotal nó plastar.

An bhfuil dealbh feicthe agat in Inis nó in aon áit eile ar domhain?

Corp:

Féach ar ghrianghraif de na dealbha ar an gcur i láthair Powerpoint agus léigh an t-eolas atá tugtha fúthu.

Cad atá á léiriú ag na dealbha, dar leatsa?

An léiríonn siad eachtraí stairiúla, cultúrtha agus spóirtiúla?

Nó an bhfuil téamaí teibí i gceist?

Féach ar mhapa den rian dealbhóireachta agus aontaigh mar rang ar bhealach le siúl timpeall. Téigh amach ag siúl le do rang, ag breathnú agus ag machnamh ar na dealbha. Obair i mbeirteanna chun billeog oibre a líonadh isteach - ag tarraingt sceitsí garbha de na dealbha agus ag scríobh cúpla thuairim síos.

Críoch:

Ar ais sa seomra ranga, léigh amach na tuairimí don rang agus déan iad a phlé lena chéile!

1. Cén bhliain ina raibh an cuid is mó de na dealbha déanta?
2. Cén fáth gur úsáideach aolchloch don cuid is mó, meas tú?
3. Cén dealbh is mó a thaitin leat? Cén fáth?
4. Cén dealbhóir is mó a thaitníonn leat?
5. Cén cineál saol atá ag dealbhóir, dar leatsa? Ar mhaith leatsa a bheith i do ealaíontóir?
6. I do thuairim, an bhfuil na dealbha oiriúnach don bhaile? An gcuireann siad leis an mbaile? Cén chaoi?

AMLÍNE

Meán Fómhair 1995

An bua ag an gClár i gCraobh Iomána Sinsearach na hÉireann!

Meán Fómhair 1997

An bua acu arís i gCraobh Iomána Sinsearach na hÉireann!

An dealbh 'Meaning and Memory' déanta ag Barry Wrafter agus Colin Grehan chun bua 1995 a chomóradh!

